MOO CREW
MÚÚÚINEADH
NA DÉIRÍOCHTA SA BHUNSCOIL

Bileog Oibre faoi Cháiseanna na hEorpa (Plean Ceachta Sóisearach 6)

GNÍOMHAÍOCHT 1:

Léigh faoi 'Cáiseanna na hEorpa' i bhur ngrúpaí.

Cáiseanna na hEorpa

Ceaptar go dtéann déanamh cáiseanna chomh fada siar le níos mó ná 4,000 bliain ó shin. Faoin am a bhí Impireacht na Róimhe ann ba ghnó tábhachtach é déanamh cáiseanna san Eoraip cheana féin. De réir mar a bhog daoine timpeall ó thír go tír thóg siad leo a gcuid traidisiún féin.

Tá cáis an-choitianta sa Fhrainc, sa Spáinn agus san Iodáil. Anseo thíos tá trí cháis cháiliúla as na tíortha seo.

- **Brie:** Is cáis bhog í Brie a thagann ón gceantar Brie i dTuaisceart na Fraince. Tá sí déanta as bainne de bhó. Is cáis bhog, uachtarúil agus bhuí ar an taobh istigh í Brie. Tá boladh láidir uaithi. Tá Brie á déanamh ag daoine le níos mó ná míle bliain.
- **Manchego:** Is cáis chrua í Manchego a thagann ón gceantar 'La Mancha' sa Spáinn. Tá sí á táirgeadh ansin ar feadh na mílte bliain. Tá dath órga ar Manchego agus tá sí déanta as bainne de chaora.
- **Parmasán:** Is é is dóichí gurb í an cháis is cáiliúla san Iodáil ná Parmasán. Tagann sí ón gceantar Parma san Iodáil. Is cáis chrua, thirim é a dhéantar a ghrátáil go minic agus a itear go hiondúil le miasa pasta. Tá sí déanta as bainne de bhó.

GNÍOMHAÍOCHT 2:

Léigh trí na ceisteanna maidir le 'Cáiseanna na hEorpa' i bhur ngrúpaí.

Pléigh iad! Tabhair tuairisc don rang.

Ceisteanna maidir le Cáiseanna na hEorpa:

1. Cé chomh sean agus atá an ghníomhaíocht déanamh cáiseanna?
2. Conas a d'éirigh déanamh cáiseanna coitianta ar fud na hEorpa?
3. Ainmnigh trí cháis Eorpacha atá cáiliúil.
4. Cé acu de na cáiseanna thuas atá déanta as bainne ó bhó?
5. Cárb as a dtagann Brie?
6. Cén áit a bhfaigheann cáis Manchego a hainm, dar leat?
7. Ainmnigh an cháis is cáiliúla ón Iodáil. Cén réigiún as a dtagann sí san Iodáil?
8. Liostaigh aon cháiseanna cáiliúla eile atá tú in ann a ainmniú.

National Dairy Council
FEACHTAS ARNA MHAOINIÚ LE CUIDIÚ ÓN AONTAS EORPACH
Cheese up your life!
ENJOY IT'S FROM EUROPE